**Teimpléid Ríomhphoist gur féidir a úsáid nuair atá ríomhphost á scríobh agat chuig do mhúinteoir!**

Bíonn sé deacair uaireanta agus tú ag iarradh na focail cearta a aimsiú nuair atá ríomhphost á scríobh agat dod' mhúinteoir. Tá cúpla teimpléad againn thíos le cabhrú!

Béasaí le cuimhneamh air agus ríomhphost á scríobh agat

1. Téigh i dteagmháil ag am atá oiriúnach - lastigh d'uaireanta scoile muna dtugtar cead gan seo a dhéanamh.
2. Bain úsáid as teideal an mhúinteoir ag tosach do ríomhphost.
3. Críochnaigh do ríomhphost trí do bhuíochas a ghabháil - abair rud éigint cosúil le 'go raibh maith agat a ___' nó 'le meas, ____'.

**(Dheineas dearmad m'obair bhaile a dhéanamh…)**

A mhúinteoir,

Táim ag scríobh chugat mar gur dhein mé dearmad an obair bhaile a dhéanamh. Tá an-chathú orm, déanfaidh mé iarracht é a bheith déanta agam chomh luath is gur féidir. Tá an-bhrón orm faoin mhoill agus ní tharlóidh a leithéad arís.

Go raibh maith agat as do thuisceant, agus tá súil agam go mbainfidh tú taitneamh as an gcuid eile den lá!

Le meas,
[D'ainm]

**(Tá soléireacht ag teastáilt uaim…)**

A mhúinteoir,

Táim ag scríobh chugat mar go bhfuil roinnt fhaidhb agam leis an obair. Tá ceist agam faoi agus bhí mé ag súil go mbeadh tú in ann í a fhreagairt. (Cuir do cheist isteach anseo).

Go raibh maith agat as an t-am a thógaint mo cheist a fhreagairt agus tá súil agam go mbainfidh tú taitneamh as an gcuid eile den lá!

Le meas,

[D'ainm]

**(Tá níos am ag teastáilt agam don obair…)**

A mhúinteoir,

Táim ag scríobh chugat mar go bhfuil am sa bhreis á lorg agam don obair bhaile. Mar gheall ar chúinsí pearsanta (bí cinnte go míníonn tú d'fhadhb!), ní bheidh mé in ann é a bheith déanta agam in am - an féidir liom níos mó ama a bheith agam ionas gur féidir liom a chríochnú i gceart le do thoil?

Go raibh maith agat as d'fhoighneacht,
[D'ainm]

**(Ní féidir liom m'obair bhaile a uaslódáil…)**

A mhúinteoir,

Tá súil agam go bhfuil tú go maith. Táim ag scríobh chugat mar nach bhfuilim in ann m'obair bhaile a uaslódáil mar gheall ar fhadhbanna teicneolaíochta. Tá m'idirlíon/mo ríomhaire srl. an-neamhiontaofa. Leanfaidh mé ar aghaidh ag obair agus ag iarradh m'obair bhaile a uaslódáil agus a sheoladh chugat.

Go raibh maith agat as do tuisceant agus tá súil agam go mbainfidh tú taitneamh as an gcuid eile den lá!

Le meas,
[D'ainm]

**(Ní féidir liom teacht isteach sa rang mar gheall ar chúinsí teicniciúla…)**

A mhúinteoir,

Tá súil agam go bhfuil tú go maith. Táim ag scríobh chugat mar nach féidir liom teacht isteach ar an rang mar gheall ar chúinsí teicniciúla. Níl mo ríomhaire/m'idirlíon iontaofa. Déanfaidh mé mo dhícheall réiteach a fháilt agus leanúint leis an obair. Dá mbeadh tú in ann an rang a thaifead nó achomair a sheoladh chugam ionas go mbeinn in ann nótaí a thógaint, bheinn an-bhuíoch díot.

Le meas,
[D'ainm]

**(Tá deachrachtaí agam le bhainistiú m'obair…)**

A mhúinteoir,

Tá súil agam go bhfuil tú go maith. Táim ag scríobh chugat mar go bhfuilim ag streachailt leis an obair agus an méid oibre atá le déanamh. Mar go bhfuil 6/7/8 ábhair á stáidéar agam, tá an

méid oibre atá á fháilt agam faoi láthair millteanach. An mbeadh tú in ann an obair a thabhairt níos leithne thar na seachtaine ionas go bhfuil sé níos éasca a bhainistiú le do thoil?

Go raibh maith agat as do thuisceant agus tá súil agam go mbainfidh tú taitneamh as an gcuid eile den lá!

Le meas,
[D'ainm]